# Seanchóras séarachais

## Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi sheanchóras séarachais (*an old sewerage system*) i mBéal Átha an Ghaorthaidh. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| córas séarachais<br>caighdeán cuí<br>ag impí | *sewerage tank*<br>*waste water*<br>*overspill* |

1. Féach ar an dá phictiúr thíos. Cé acu áit arbh fhearr leat a bheith i do chónaí ann? Cén fáth?





2. Cad is cúis leis an tuile sa dara pictiúr, dar leat? (Tá nod i dteideal an cheachta.)
3. Conas a chuir na tuilte isteach ar an saol laethúil sa dara pictiúr, dar leat?
4. An ndearna na stoirmeacha a bhuail Éire le cúpla bliain anuas aon dochar don cheantar ina bhfuil tú féin i do chónaí?

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. fágtha ar lár | *a. waste water* |
| 2. sceitheadh salachar | *b. spokesperson* |
| 3. in ann aige | *c. disappointed* |
| 4. dabhach chamrais | *d. pollution* |
| 5. fuíolluisce | *e. omitted, left out* |
| 6. fuílleach | *f. duty* |
| 7. bearta | *g. overspill* |
| 8. díomách | *h. able for it, up to it* |
| 9. truailliú | *i. sewage tank* |
| 10. soiléiriú | *j. clarification* |
| 11. urlabhraí | *k. actions* |
| 12. dualgas | *l. waste was discharged* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cad is brí leis na téarmaí thíos?

| | |
|---|---|
| dul chun cinn | |
| dul i ngleic le | |

3. Ciallaíonn 'toisc' *because*. Cad a chiallaíonn na frásaí – de bharr; de dheasca; mar gheall ar?

___

4. Beidh an frása seo le cloisteáil sa mhír ar ball – 'Dé Sathairn seo a d'imigh tharainn'. An bhfuil bealach ar bith eile agat féin chun an rud céanna a rá?

___

5. Cad is brí leis an bhfrása – 'an Aoine bheag seo'?

___

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach? Cuir tic leis an bhfreagra ceart.

| Na ráitis | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| a) **Sceitheadh séarachas amach as dabhach chamrais de dheasca stoirm Bert.** | | |
| b) **Tógadh an córas séarachais sa tsráidbhaile nach mór dhá chéad bliain ó shin.** | | |
| c) **Sceith fuíolluisce agus fuílleach amach ar an tsráid in aice le teach Mháire.** | | |
| d) **Tá cead diúltaithe tithe a thógáil sa cheantar mar nach bhfuil na bóithre ar an gcaighdeán cuí.** | | |
| e) **Tá an truailliú ón gcóras séarachais ag déanamh dochar do na páirceanna timpeall agus ag cur bac ar fhorbairt áitiúil.** | | |
| f) **Tá an dualgas ar Chomhairle Contae Chorcaí an fhadhb a réiteach.** | | |
| g) **Ní dhéanfaidh muintir na háite dearmad ar na fadhbanna seo agus iad ag vótáil san olltoghchán.** | | |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá muintir an bhaile ________________ faoin scéal.
- ________________ amach ar an tsráid mar níl an córas séarachais ag obair i gceart.
- Tá an pobal ________________ tar éis na stoirme mar níl an córas séarachais atá acu ________________.
- Tá an ________________ go holc sa cheantar mar sceith ________________ agus ________________ amach ar an tsráid.
- Sceith an séarachas amach as ___________________ sa tsráidbhaile.
- Deir muintir na háite go bhfuil sé thar am ________________ a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bhfadhb.
- D'iarr Nuacht ________________ ar an gComhairle Contae faoi cad atá á dhéanamh acu.
- Deir ________________ ón gComhairle Contae go bhfuil an ________________ ar Uisce Éireann.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an t-urú agus an 't' roimh 's')

Tá 3 urú agus 3 'ť' roimh 's' fágtha ar lár sa sliocht thíos. Líon isteach anois iad. Féach ar na noda thíos chun cuidiú leat:

- ✓ Cuirtear urú ar ainmfhocail dar tús consan sa tuiseal tabharthach – ar an **m**bord.
- ✓ Cuirtear 't' ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús **s** sa tuiseal ainmneach – an **t**saoire.
- ✓ Cuirtear 't' ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús **s** sa tuiseal tabharthach – ar an **t**saoire.

Tá pobal Bhéal Átha an Ghaorthaidh i Gaeltacht Mhúscraí fágtha ar lár, a deir siad, gan aon dul chun cinn déanta ar uasghrádú chóras séarachais an bhaile. Sceitheadh salachar agus fuíolluisce amach ar an sráid ann le linn na stoirme an seachtain seo caite, gan córas a tógadh beagnach céad bliain ó shin in ann aige.

Sceith séarachas amach as dabhach chamrais i sráidbhaile Bhéal Átha an Ghaorthaidh ó bhí fearthainn throm gan staonadh ann de dheasca stoirm Bert oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn seo a d'imigh tharainn. Sceith fuíolluisce agus fuílleach amach ar an sráid, gar do scoil Mhuire. Tá fadhb le cead pleanála mar gheall ar an córas seo freisin, agus cead diúltaithe do thithíocht sa dúthaigh toisc nach bhfuil an córas seo ar an caighdeán cuí.

## 2: Saibhreas teanga (frásaí le 'dul' iontu)

Tá go leor nathanna cainte úsáideacha sa Ghaeilge a bhfuil an focal beag sin 'dul' iontu. Cad is brí leis na cinn thíos. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

| **i nGaeilge** | **i mBéarla** | **Abairtí** |
|---|---|---|
| dul chun cinn | | |
| dul i ngleic le | | |
| dul i dtír | | |
| dul i dtaithí ar | | |
| dul amú | | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

### An Cluiche '*Taboo*'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus glacaigí sealanna na focail sa liosta thíos 'a mhíniú' don duine eile. Tugtar '*taboo*' ar an gcluiche seo mar nach bhfuil cead agat an focal féin a rá. Féach ar an gcomhrá samplach.

**Duine A** (Roghnaíonn siad 'dabhach chamrais'): Tá dhá fhocal i gceist. Is tanc mór é seo a bhfuil séarachas ann.

**Duine B**: 'Dabhach chamrais'.

**Duine A**: Maith thú!

**Duine B** (Roghnaíonn siad 'fágtha ar lár'): Tá trí fhocal i gceist. Níl sé ann.

**Duine A**: Em ….

**Duine B**: Má deirim, 'a haon, a dó, a trí', agus ansin deirim, 'a haon, a trí'. Tá uimhir a dó ...?

**Duine A**: 'Fágtha ar lár'.

**Duine B**: Sin é.

| | | |
|---|---|---|
| fágtha ar lár | céad bliain | ag vótáil |
| dul chun cinn | a d'imigh tharainn / seo caite | Dé hAoine |
| sceitheadh salachar | dul i ngleic le | dualgas |
| in ann aige | muintir na háite | urlabhraí |
| dabhach chamrais | comhairle contae | intinn |
| fuíolluisce | páirceanna | soiléiriú |
| bearta | Gaeltacht | truailliú |
| díomách | teach | nuacht |

**AGUS/NÓ**

## 1: Caint

### Abair scéal

Cumaigí scéal cosúil leis an scéal sa mhír. Tá an chéad abairt den scéal tugtha thíos. Cumfaidh Duine 1 an chéad líne eile, Duine 2 an líne ina dhiaidh sin agus mar sin ar aghaidh go dtí go mbeidh – ar a laghad – abairt amháin ráite ag gach duine sa ghrúpa agus scéal beag cumtha agaibh. Bí cinnte an stór focal ón gceacht seo a úsáid.

An chéad líne: *Bhuail stoirm mhór Éire agus rinneadh damáiste mór.*

## 2: Scríobh

Is ball den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil thú agus iarradh ort póstaer a chur le chéile chun daoine a chur ar an eolas faoin bhfadhb séarachais sa tsráidbhaile. Ba cheart go mbeadh freagraí na gceisteanna thíos ar an bpóstaer.

- ✓ Cén áit a bhfuil an fhadhb?
- ✓ Conas a tharla an eachtra?
- ✓ Cén damáiste a rinneadh?
- ✓ Cé atá freagrach as an bhfadhb?



## 3. Cad a d’fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d’fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Maolra Mac Donnchadha**
Tá pobal Bhéal Átha an Ghaorthaidh i nGaeltacht Mhúscraí fágtha ar lár, a deir siad, gan aon dul chun cinn déanta ar uasghrádú chóras séarachais an bhaile. Sceitheadh salachar agus fuíolluisce amach ar an tsráid ann le linn na stoirme an tseachtain seo caite, gan córas a tógadh beagnach céad bliain ó shin in ann aige.

**Marian O'Flaherty**
Sceith séarachas amach as dabhach chamrais i sráidbhaile Bhéal Átha an Ghaorthaidh ó bhí fearthainn throm gan staonadh ann de dheasca Stoirm Bert oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn seo a d'imigh tharainn. Sceith fuíolluisce agus fuílleach amach ar an tsráid, gar do Scoil Mhuire. Tá fadhb le cead pleanála mar gheall ar an gcóras seo freisin agus cead diúltaithe do thithíocht sa dúthaigh[1], toisc nach bhfuil an córas seo ar an gcaighdeán cuí.

Sna tríochaidí a tógadh an córas séarachais anseo agus deir muintir na háite go bhfuil sé thar am bearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Tá an Coiste Pobail agus Forbartha Áitiúil[2] ag impí ar na húdaráis – agus go háirithe ar Uisce Éireann – gníomhú ar mhaithe le muintir na háite.

**Dan Ó Céilleachair, Áitritheoir**
Bhuel, is dócha go bhfuil an pobal áitiúil anseo thar a bheith, is dócha, díomách leis an gComhairle Contae, Uisce Éireann, leis an gcóras séarachais atá againn anseo. Le déanaí, bhí tuilte uafásacha sa tsráid – fadhb eile. Agus ansin, dá bharr sin, níl an córas séarachais ag feidhmiú in aon chor, in aon chor. An truailliú, an dochar atá sé ag déanamh do na páirceanna atá timpeall anseo, agus ag cur bac agus ag cur stop le forbairt áitiúil anseo i mBéal Átha an Ghaorthaidh – baile Gaeltachta agus nílid[3] ábalta anois teach a thógáil. Tá daoine sásta, is dócha, tithe a thógáil, ach níl an cead againn.

**Marian O'Flaherty**
D'iarr Nuacht soiléiriú ar Chomhairle Contae Chorcaí faoi cad atá á dhéanamh acu chun an fhadhb a réiteach ach dúirt urlabhraí de chuid na Comhairle gur ar Uisce Éireann atá an dualgas sin. Ach do mhuintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh – agus iad ag brath ar chóras a tógadh beagnach céad bliain ó shin – ní leor an dul chun cinn atá déanta agus deir siad go mbeidh sé ar intinn acu agus iad ag vótáil an Aoine bheag seo.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4 i mBéal Átha an Ghaorthaidh.

---

[1] dúthaigh = leagan canúnach de 'dúiche'
[2] *Coiste Forbartha Pobail Áitiúil* an teideal oifigiúil
[3] Nílid = leagan canúnach de 'níl siad'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| fágtha ar lár | *omitted, left out* |
| sceitheadh salachar | *waste was discharged* |
| in ann aige | *able for it, up to it* |
| dabhach chamrais | *sewage tank* |
| fuíolluisce | *waste water* |
| fuílleach | *overspill* |
| bearta | *actions* |
| díomách | *disappointed* |
| truailliú | *pollution* |
| soiléiriú | *clarification* |
| urlabhraí | *spokesperson* |
| dualgas | *duty* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| e | l | h | i | a | g | k | c | d | j | b | f |

2. Freagraí:

| | |
|---|---|
| dul chun cinn | *progress* |
| dul i ngleic le | *to deal with, to tackle* |

3. Ciallaíonn 'de bharr; de dheasca; mar gheall ar' *because of*.
4. Freagraí: seo caite; seo a chuaigh thart
5. An Aoine bheag seo – *this coming Friday*.

## C: TUISCINT

1. Freagraí:

a) Fíor.
b) Bréagach. Beagnach 100 bliain ó shin.
c) Bréagach. In aice le Scoil Mhuire.
d) Bréagach. Níl an córas séarachais ar an gcaighdeán cuí.
e) Fíor.
f) Bréagach. Tá an dualgas ar Uisce Éireann.
g) Fíor.

2. Freagraí:

- Tá muintir an bhaile **díomách** faoin scéal.
- **Sceitheadh salachar** amach ar an tsráid mar níl an córas séarachais ag obair i gceart.
- Tá an pobal **fágtha ar lár** tar éis na stoirme mar níl an córas séarachais atá acu **in ann aige**.
- Tá an **truailliú** go holc sa cheantar mar sceith **fuíolluisce** agus **fuílleach** amach ar an tsráid.
- Sceith an séarachas amach as **dabhach chamrais** sa tsráidbhaile.
- Deir muintir na háite go bhfuil sé thar am **bearta** a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bhfadhb.
- D'iarr Nuacht **soiléiriú** ar an gComhairle Contae faoi cad atá á dhéanamh acu.
- Deir **urlabhraí** ón gComhairle Contae go bhfuil an **dualgas** ar Uisce Éireann.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an t-urú agus an 't' roimh 's')

Freagraí:

Tá pobal Bhéal Átha an Ghaorthaidh i **n**Gaeltacht Mhúscraí fágtha ar lár, a deir siad, gan aon dul chun cinn déanta ar uasghrádú chóras séarachais an bhaile. Sceitheadh salachar agus fuíolluisce amach ar an **t**sráid ann le linn na stoirme an **t**seachtain seo caite, gan córas, a tógadh beagnach céad bliain ó shin, in ann aige.

Sceith séarachas amach as dabhach chamrais i sráidbhaile Bhéal Átha an Ghaorthaidh ó bhí fearthainn throm gan staonadh ann de dheasca stoirm Bert oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn seo a d'imigh tharainn. Sceith fuíolluisce agus fuílleach amach ar an **t**sráid, gar do Scoil Mhuire. Tá fadhb le cead pleanála mar gheall ar an **g**córas seo freisin, agus cead diúltaithe do thithíocht sa dúthaigh toisc nach bhfuil an córas seo ar an **g**caighdeán cuí.

### 2: Saibhreas teanga (frásaí le 'dul' iontu)

Freagraí:

| i nGaeilge | i mBéarla | Abairtí |
|---|---|---|
| dul chun cinn | *progress* | Níl aon dul chun cinn déanta acu san obair. |
| dul i ngleic le | *to deal with* | Caithfidh muid dul i ngleic le fadhb na tithíochta go luath. |
| dul i dtír | *go ashore* | Ba cheart dúinn dul i dtír roimh theacht na stoirme. |

| | | |
|---|---|---|
| dul i dtaithí ar | *to get used to* | Tá sé deacair dul i dtaithí ar an aimsir. |
| dul amú | *astray, deluded* | Má cheapann tú go mbeidh bronntanas agat, tá dul amú ort. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

*Taboo*

Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag roghnú focal ón liosta agus ag déanamh cur síos orthu **gan na focail féin** a rá. Caithfidh an duine eile na focail chuí a thomhas. Léigh tríd an gcomhrá samplach le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo. Is féidir tuilleadh rialacha faoin gcluiche a fháil anseo.

Abair scéal

Tabhair deis do na foghlaimeoirí scéal a chumadh trí abairt an duine a chumadh. Mar shampla:

*Bhuail stoirm mhór Éire agus rinneadh damáiste mór.*
Duine 1: Leagadh crainn agus sceitheadh salachar ar an tsráid ón dabhach chamrais.
Duine 2: Tá drochbholadh ón bhfuíolluisce agus ón bhfuílleach.
Duine 3. Tá sé an-dainséarach agus níl sé go maith don tsláinte.
Duine 4: Briseadh an córas séarachais mar tá sé an-sean.

Agus mar sin ar aghaidh. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo.

### 2: Scríobh

Iarr orthu an póstaer a líonadh isteach.

### 3: Cad a d’fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.